Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9061/26**

**SOC 244**
**EMPL 109**
**COH 79**
**COMPET 551**
**EDUC 151**
**ANTIDISCRIM 43**
**ENER 238**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 538 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne na Bochtaineachta: aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht agus í a chosc ón óige go dtí an tseanaois |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 538 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 538 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.5.2026
COM(2026) 538 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne na Bochtaineachta: aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht agus í a chosc ón óige go dtí an tseanaois**

{SWD(2026) 770 final} - {SWD(2026) 771 final}

GA GA

**Is ceart bunúsach é maireachtáil faoi dhínit agus tá gealltanas tugtha ag an Aontas go n-urramóidh sé é agus go gcosnóidh sé é** ([1]). Tá **costas** suntasach agus ilghnéitheach ag baint le **neamhghníomhaíocht** chun an bhochtaineacht a chomhrac. Baineann an bhochtaineacht an bonn den **chomhtháthú sóisialta, lagaíonn sí an daonlathas agus cuireann sí bac ar acmhainneacht eacnamaíoch na hEorpa**. Cuidíonn geilleagar atá an-iomaíoch agus nuálach, a chuireann leis an bhfás agus a chruthaíonn poist dea-cháilíochta, leis an mbochtaineacht a laghdú. Bhí tionchar ag an méadú as cuimse ar an mboilsciú a leanann as tionchar an tsuaite gheopholaitiúil agus an spleáchais ar bhreoslaí iontaise ar bhillí fuinnimh agus ar phraghas na mbunearraí, lena n-áirítear bia, agus leanfaidh sé de thionchar a imirt orthu, agus beidh cruatan agus neamhshlándáil airgeadais mhéadaithe ar fud na hEorpa mar thoradh air. Cé gurb iad na daoine is soghonta is mó atá thíos leis, tá teaghlaigh mheánioncaim i mbaol sleamhnaithe isteach san éiginnteacht freisin, rud a fhágann go bhfuil cosc agus cosaint araon níos práinní ná riamh.

**Sa lá atá inniu ann, tá thart ar dhuine as gach cúigear Eorpach i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta** ([2])**.** Ciallaíonn sé sin nach bhfuil sé d'acmhainn ag 93 mhilliún duine slí bheatha chuibhiúil a bheith acu. Ciallaíonn sé go dtosaíonn 19 milliún leanbh a saoil agus iad cheana féin faoi mhíbhuntáiste. Tá roinnt críoch go háirithe i mbaol, agus tá rátaí bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta níos airde ná meán an Aontais ag 93 as 243 réigiún an Aontais.

**Tá gealltanas tugtha ag an Aontas cheana féin sprioc 2030** a bhaint amach, is é sin laghdú 15 mhilliún ar a laghad a dhéanamh ar líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear 5 mhilliún leanbh ar a laghad ([3]). Tacaíonn na Ballstáit leis an uaillmhian sin trí spriocanna náisiúnta maidir leis an mbochtaineacht a laghdú. Tá dul chun cinn déanta d'ainneoin na sraithe géarchéimeanna ar tháinig an tAontas slán astu le blianta beaga anuas: faoi 2025, bhí laghdú 3,5 milliún taifeadta ag an Aontas i gcomparáid le 2019, agus d'fhan an figiúr do leanaí cobhsaí den chuid is mó. Tá gá le hiarrachtaí níos láidre, níos leanúnaí agus níos comhordaithe chun sprioc 2030 a bhaint amach.

**Tá an uaillmhian á leagan amach ag an gCoimisiún chun cuidiú leis an mbochtaineacht a dhíothú san Aontas faoi 2050. Sa chéad Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta riamh, leagtar amach cur chuige cuimsitheach chun an bhochtaineacht a chosc agus chun cosaint a thabhairt ina coinne**, rud a rannchuideoidh le comhlíonadh Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ag tógáil ar an méid atá á dhéanamh cheana féin agus ar na beartais a leagadh síos, leagtar amach ann an chonair chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an mbochtaineacht a laghdú.

**Moltar sa Straitéis bearta a dhéantar ar leibhéal an Aontais chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht, bearta a bhaineann go sonrach le gach catagóir aoise, agus aitheantas á thabhairt do thionchar na bochtaineachta feadh na saolré iomláine.** Cuid lárnach den Straitéis is ea cur chuige an chuimsithe ghníomhaigh, agus béim á leagan ar a thábhachtaí atá an tacaíocht do ghníomhachtú mhargadh an tsaothair dóibh siúd atá in ann obair a dhéanamh (lena n-áirítear an t-aistriú chuig poist dea-cháilíochta, mar an chéad

---

([1]) Féach Airteagal 1, Cairt um Chearta Bunúsacha 2012/C 326/02 an 26 Deireadh Fómhair 2012 'Tá dínit an duine dosháraithe. Ní mór í a urramú agus a chosaint'; Airteagal 3, Conradh an Aontais Eorpaigh 'Déanfaidh [an tAontas] an t-eisiamh sóisialta agus an t-idirdhealú a chomhrac, agus an ceartas sóisialta agus an chosaint shóisialta a chur chun cinn'.

([2]) Ba é AROPE (i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta) 20,9 % de dhaonra an Aontais in 2025.

([3]) Ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an sprioc sin an 25 Meitheamh 2021.

uirlis agus an uirlis is fearr chun an bhochtaineacht a chosc), rochtain ar phríomhearraí agus ar phríomhsheirbhísí atá riachtanach d'fholláine daoine agus dá lánpháirtiú sa tsochaí agus tacaíocht leordhóthanach ioncaim. I bhfianaise mhéid an dúshláin, tá gá le hinfheistíochtaí láithreacha agus inbhuanaithe chun torthaí a bhaint amach maidir leis an mbochtaineacht a laghdú.

**Is freagracht chomhchoiteann é an bhochtaineacht a chomhrac agus tá gá le hiarrachtaí comhordaithe ar gach leibhéal ina leith.** Ar leibhéal an Aontais, leagamar síos an chéad Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta leis an Teachtaireacht seo. Beidh a rath ag brath ar rannpháirtíocht ghníomhach na n-údarás ar gach leibhéal rialachais, ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, ar chomhpháirtithe sóisialta, ar an tsochaí shibhialta, ar an earnáil phríobháideach agus ar rannpháirtíocht daoine atá thíos leis an mbochtaineacht iad féin. Cuireann an Straitéis creat ar fáil freisin le haghaidh comhar feabhsaithe le hinstitiúidí eile de chuid an Aontais agus le heagraíochtaí ábhartha.

Tá an Straitéis bunaithe ar chomhairliúcháin fhorleathana ([4]) agus ar bhunús anailíseach, a shonraítear sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann léi ([5]), lena n-áirítear anailís ar iarrachtaí an Aontais roimhe seo chun an bhochtaineacht a chomhrac ([6]). I g**Caibidil 1**, féachtar ar bhearta chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht ar feadh na saolré. I g**Caibidil 2**, déantar measúnú ar dhúshláin chothrománacha agus ar ghnéithe cothrománacha a d'fhéadfadh an bhochtaineacht a dhéanamh níos measa. I g**Caibidil 3**, cuirtear deiseanna ar fáil chun rialachas, cistiú agus faireachán a fheabhsú ar gach leibhéal.

## 1. BEARTA CHUN DUL I NGLEIC LEIS AN MBOCHTAINEACHT I NGACH AOISGHRÚPA

**Ní mór aird spriocdhírithe a thabhairt ar gach glúin chun an bhochtaineacht a chosc agus chun aghaidh a thabhairt uirthi.** Cé go bhfuil riachtanais shonracha ag gach glúin agus go bhfuil gá le gníomhaíocht spriocdhírithe chun an bhochtaineacht a chosc agus a chomhrac, tá cur chuige comhtháite, lena gcomhcheanglaítear acmhainní leordhóthanacha le rochtain éifeachtach ar sheirbhísí ardcháilíochta ríthábhachtach do gach aois. Trí dhul i ngleic le bochtaineacht leanaí, tugtar aghaidh ar fholláine leanaí sa lá atá inniu ann agus cuidítear leis an mbochtaineacht a chosc níos déanaí sa saol; tá sé ríthábhachtach freisin tacú leis an daonra in aois oibre, lena n-áirítear le bearta spriocdhírithe maidir le gníomhachtú, chun bochtaineacht leanaí agus bochtaineacht seanaoise araon a chosc; agus cuireann an t-aosú déimeagrafach leis an ngá atá le tacaíocht a thabhairt do dhaoine scothaosta.

### *Bearta chun cabhrú le deireadh a chur timthriall an mhíbhuntáiste agus deiseanna sa saol a fheabhsú*

**Ar an meán san Aontas, tá teaghlaigh a bhfuil leanaí acu, go háirithe teaghlaigh aontuismitheora, neamhchosanta go háirithe ar bhochtaineacht nó ar eisiamh**

---

([4]) Cuireann an Straitéis le glao ar fhianaise agus le comhairliúchán poiblí, a bhí ar siúl ón 25 Iúil 2025 go dtí an 24 Deireadh Fómhair 2025 agus le go leor comhairliúchán spriocdhírithe.

([5]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, Bochtaineacht san Aontas Eorpach - príomhthreochtaí agus príomhbheartais, doiciméad inmheánach oibre (2026) 770

([6]) Bhain sé sin tairbhe as an idirphlé cur chun feidhme maidir le 'Bearta chun an bhochtaineacht a chomhrac: an Moladh ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach, agus an Moladh ón gComhairle maidir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí' a tionóladh an 24 Feabhra 2026.

**sóisialta.** Léiríonn bochtaineacht leanaí staid eacnamaíoch an teaghlaigh ina bhfuil an leanbh ina chónaí. Is príomhchinntitheach maidir le bochtaineacht leanaí é ioncam íseal tuismitheora, a eascraíonn as bacainní a chuireann bac ar lánpháirtiú tuismitheoirí i margadh an tsaothair agus ar bhochtaineacht lucht oibre ([7]), agus tá na costais a bhaineann le leanaí a thógáil le brath níos géire i gcomhthéacs praghsanna tithíochta, fuinnimh agus bia atá ag ardú. Tá tuismitheoirí aonair, agus go háirithe máithreacha aonair, níos mó ná dhá oiread níos dóchúla i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ([8]) . Dá bhrí sin, sa lá atá inniu ann san Aontas, tá leanbh amháin as gach ceathrar i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ([9]).

**Chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht leanaí, ní mór feabhas a chur ar an rochtain atá ag tuismitheoirí ar acmhainní leordhóthanacha.** Ar an gcéad dul síos, tá sé ríthábhachtach tacú leis an rochtain atá ag tuismitheoirí ar phoist dea-cháilíochta agus tacaíocht ioncaim leordhóthanach a chur ar fáil do theaghlaigh shoghonta. Ar an dara dul síos, tá ról lárnach ag córais dhea-dheartha sochair leanaí agus teaghlaigh chun cabhrú le teaghlaigh íoc as na costais a bhaineann le leanaí a thógáil. Mar sin féin, tá éagsúlacht mhór idir tionchar na sochar ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh ar fud na mBallstát. Léiríonn sé sin gur gá **feabhas a chur ar a ndearadh, ar a gcumhdach, ar a leordhóthanacht agus ar a nglacadh.** Ní mór **comhordú** idir córais, seirbhísí agus sochair cosanta sóisialta a fheabhsú freisin. Chun aghaidh a thabhairt air sin, glacfaidh an Coimisiún Moladh ón gCoimisiún in 2027 maidir le feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus comhtháthú na gcóras sochair a bhaineann le leanaí chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht leanaí, chun feabhas a chur ar chomhordú agus chun feabhas a chur ar a dtionchar dearfach, ar mhaithe le leas leanaí. Is cosúil go bhfuil sé tábhachtach breithniú a dhéanamh ar dháileadh caiteachais shóisialta agus caiteachais phoiblí eile ar fud aoisghrúpaí agus, i gcás inar gá, feabhas a chur air, chun bochtaineacht leanaí a laghdú agus cothroime idirghlúine a chothú, i gcomhthéacs acmhainní poiblí teoranta.

**Ba cheart leanaí atá i mbaol a chosaint ar an mbochtaineacht agus ba cheart rochtain a bheith acu ar na seirbhísí a theastaíonn uathu, mar ábhar práinne.** Tá oideachas agus cúram luath-óige ar ardchaighdeán, scolaíocht, gníomhaíochtaí seach-churaclaim, lena n-áirítear spórt agus cultúr, béilí scoile agus cothú sláintiúil, cúram sláinte agus tithíocht i measc na bpríomhsheirbhísí a d’fhéadfadh cabhrú le míbhuntáiste a fhritháireamh agus comhdheiseanna a chothú do leanaí soghonta chun tacú lena n-imeacht ón mbochtaineacht. Ag tógáil ar an measúnú ar chur chun feidhme leanúnach na Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí chomh maith leis na dúshláin atá ag teacht chun cinn do leanaí atá i ngátar, fógraítear sa Teachtaireacht dar teideal ‘Deireadh a chur le timthriall na bochtaineachta leanaí - An Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a neartú’ bearta chun feabhas a chur ar rochtain chuimsitheach ar na seirbhísí uile a theastaíonn ó leanaí chun a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach sa saol.

### *Tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga chun go mbeidh rath orthu*

**Sa lá atá inniu ann, tá baol i bhfad níos airde bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ann do dhaoine óga san Aontas.** In 2025, bhí 24 % de dhaoine óga faoi bhun 29 mbliana d’aois i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta, 3 phointe céatadáin níos airde ná

([7]) Fostaíocht agus Ionchas Sóisialta na hEorpa. Athbhreithniú ráithiúil ó mhí Eanáir 2026 ar aghaidh.

([8]) In 2024, ba é 46,3 % ráta AROPE na máithreacha aonair san Aontas.

([9]) Níl rochtain ag leanbh amháin as gach deichniúr ar bhéile ina bhfuil feoil, sicín, iasc nó a choibhéis veigeatórach gach lá.

an daonra iomlán. Is é is cúis leis sin den chuid is mó dífhostaíocht i measc na hóige, luathfhágáil na scoile agus díscor ón oideachas nó ó mhargadh an tsaothair.

**Baineann na príomhdhúshláin atá os comhair daoine óga soghonta den chuid is mó lena n-aistriú idir oideachas nó oiliúint agus fostaíocht agus rochtain ar phríomhsheirbhísí.** Tá dúshláin atá ag éirí níos casta roimh dhaoine óga i margadh saothair atá ag athrú go tapa, lena n-áirítear nochtadh níos airde do chonarthaí gearrthéarmacha agus tréimhsí oiliúna gan íocaíocht, i measc nithe eile. Is é is aidhm don Ráthaíocht don Aos Óg ([10]) a áirithiú go bhfaighidh gach duine óg faoi bhun 29 mbliana d'aois tairiscint mhaith fostaíochta, oideachas leanúnach, printíseacht nó cúrsa oiliúna laistigh de cheithre mhí tar éis dóibh a bheith dífhostaithe nó an t-oideachas foirmiúil a fhágáil. Ó bunaíodh é in 2013, tá sé tar éis cabhrú le breis agus 63 mhilliún Eorpach óg.

**Ag féachaint chun cinn, oibreoidh an Coimisiún leis na Ballstáit chun cur chun feidhme na Ráthaíochta don Aos Óg a threisiú**, go háirithe trí dhlús a chur leis an bhfor-rochtain ar dhaoine óga atá i ngátar, eadhon i limistéir ina bhfuil rátaí arda dífhostaíochta. I ndáil leis an méid sin, tá sé tábhachtach spásanna lasmuigh den scoil atá **leordhóthanach, sábháilte agus cuimsitheach a bhunú agus tacú leo ar an leibhéal áitiúil**, a d'fhéadfadh a bheith ina moil lena gcuirfear comhairle agus meantóireacht chuimsitheach chomhordaithe ar fáil do dhaoine óga, chomh maith le cur chuige comhtháite agus naisc níos láidre le seirbhísí eile a áirithiú.

Thairis sin, chun tarchur na bochtaineachta agus an mhíbhuntáiste a bhriseadh, tá sé ríthábhachtach **tacú le haistriú leanaí atá i ngátar chuig daoine óga cumhachtaithe.** Tá an Teachtaireacht dar teideal 'Deireadh a chur le timthriall na bochtaineachta leanaí - an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a neartú' ag tacú leis sin trí bhearta a mholadh chun an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí agus an Ráthaíocht don Aos Óg a dhúnadh. Faoi 2027, forbróidh an Coimisiún **sraith straitéisí chun an comhordú idir an Ráthaíocht do Leanaí agus don Aos Óg a nascadh agus a neartú**, lena n-áirítear béim ar chur chuige aonair agus naisc níos láidre le seirbhísí eile a áirithiú, go háirithe iad siúd a chumhdaítear sa Ráthaíocht Eorpach do Leanaí.

***Aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht a dhéanann difear do dhaoine in aois oibre***

**Léiríonn an fhianaise gurb é an chosaint is fearr ar an mbochtaineacht dóibh siúd ar féidir leo post dea-cháilíochta a oibriú.** Níos mó ná foinse ioncaim amháin, cuireann sé braistint dínite agus cuspóra ar fáil do dhaoine, chomh maith le líonra sóisialta agus braistint muintearais le pobal níos leithne. Sa lá atá inniu ann, tá go leor daoine i mbaol bochtaineachta nó i mbaol bochtaineachta mar gheall ar a n-eisiamh ó mhargadh an tsaothair: in 2025 66 % de dhaoine dífhostaithe agus 44 % de na daoine lasmuigh de mhargadh an tsaothair, bhí siad i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta. Tá bacainní sonracha roimh mhná, agus tá 6,7 milliún níos mó ban ná fir i mbaol bochtaineachta san Aontas ([11]). Is minic nach mbíonn rochtain ag tuismitheoirí a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu ar oideachas agus ar chúram luath-óige ar ardchaighdeán, nó nach mbíonn sé

---

([10]) Moladh 2020/C 372/01 ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Nasc leis an bhFostaíocht - An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú agus lena n-ionadaítear Moladh ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú..

([11]) In 2025, tá 43 mhilliún fear agus beagnach 50 milliún bean i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta san Aontas, de réir shonraí Eurostat.

d'acmhainn acu é sin a dhéanamh. Ciallaíonn sé sin go bhfuil rátaí fostaíochta níos ísle ann do mhná, rud a léirítear i mbearna 10 bpointe céatadáin ar an meán i ndáil le fir.

**Chun tacú le comhtháthú na ndaoine sin a bhfuil sé d'acmhainn acu obair a dhéanamh i margadh an tsaothair, tá gá le bearta gníomhachtúcháin spriocdhírithe agus éifeachtacha, go háirithe do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, do dhaoine neamhghníomhacha agus dóibh siúd a bhfuil bacainní sonracha rompu.** Tá sé ríthábhachtach go gcuirfidh bearta tacaíochta neamhthuilleamaíocht aonair chun cinn, agus go gcuirfidh siad an chothromaíocht cheart chun cinn idir tacaíocht ioncaim, bearta gníomhacha maidir leis an margadh saothair, dreasachtaí oibre agus oibleagáidí frithpháirteacha. Chun cabhrú leo siúd is soghonta scileanna a fháil, feabhas a chur ar a n-infhostaitheacht agus, dá bhrí sin, cur leis na deiseanna atá acu fostaíocht mharthanach ardcháilíochta a aimsiú, tá gá le cur chuige aonair, lena n-áirítear cur chuige maidir le cúnamh chun post a chuardach, comhairleoireacht agus treoir, oiliúint agus taithí oibre ([12]). Ag an am céanna, tá sé ríthábhachtach tacú leis an ngníomhachtú chun tallann neamhshaothraithe a d'fhéadfadh a bheith ann a chothú san Eoraip, agus cuireann sé leis an bhfás eacnamaíoch, leis an iomaíochas agus le forbairt an phobail.

Sin é an fáth, i gcomhréir le hAirteagal 154 (2) CFAE, sa dara leath de 2026, go seolfaidh an Coimisiún **comhairliúchán céadchéime na gcomhpháirtithe sóisialta Eorpacha chun a dtuairimí a fháil maidir le treo féideartha ghníomhaíocht an Aontais chun tacú le gníomhachtú daoine atá eisiata ó mhargadh an tsaothair agus le comhionannas idir mná agus fir maidir le deiseanna i margadh an tsaothair.** Bheadh sé d'aidhm ag an tionscnamh tacú le sainaithint agus for-rochtain orthu siúd atá eisiata ó mhargadh an tsaothair agus bealaí aonair a bhunú i dtreo chomhtháthú i margadh an tsaothair, ina mbeadh na húdaráis ábhartha uile rannpháirteach agus a gcomhar a neartú. Tríd an méid sin a dhéanamh, chuideodh sé le haghaidh a thabhairt ar bhacainní ar an aistriú chuig margadh an tsaothair agus chuideodh sé le feabhas a chur ar ghlacadh seirbhísí tacaíochta.

**Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt don gheilleagar sóisialta agus don mhicreamhaoiniú**, a bhfuil ról sonrach acu maidir le deiseanna oibre agus féinfhostaíochta a chur ar fáil do dhaoine atá thíos leis an mbochtaineacht. Áireofar leis sin measúnú a dhéanamh ar ról na tacaíochta airgeadais poiblí chun tionscnamh agus forbairt ghníomhaithe an gheilleagair shóisialta a chumasú ([13]). Ina theannta sin, ní mór iarrachtaí tiomnaithe a dhéanamh i gcás grúpaí sonracha, ós rud é go bhfuil bacainní ar leith rompu maidir le dul isteach i margadh an tsaothair. Is amhlaidh atá, mar shampla, i gcás náisiúnaigh tríú tír ([14]), agus daoine faoi mhíchumas, a dtacófar leo le Pacáiste neartaithe

([12]) Moladh 2016/C 67/01 ón gComhairle an 15 Feabhra 2016 maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chomhtháthú i margadh an tsaothair.

([13]) Athbhreithniú meántéarma ar an bPlean Gníomhaíochta maidir leis an nGeilleagar Sóisialta, Moladh ón gComhairle maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt. Ag féachaint chun cinn, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an gCód Eorpach um Dhea-Iompar maidir le Soláthar Micrichreidmheasa ionas go leanfaidh an micreamhaoiniú de bheith ag freastal ar riachtanais fiontraithe faoi ghannionadaíocht agus daoine i gcásanna soghonta agus seolfaidh sé glao ar thograí in Earrach 2026 faoi shnáithe maidir le fostaíocht agus nuálaíocht shóisialta de CSE+ arb é is aidhm dó tacú le grúpaí faoi ghannionadaíocht san fhiontraíocht, lena n-áirítear na daoine is soghonta, chun a ngnó a chur ar bun.

([14]) Teachtaireacht COM(2020) 758 final ón gCoimisiún an 24 Samhain 2020 maidir leis an bplean gníomhaíochta um lánpháirtiú agus cuimsiú 2021-2027 Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Lánpháirtiú agus Cuimsiú 2021-2027 agus Teachtaireacht COM(2026) 45 final ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2026 maidir leis an straitéis Eorpach um bainistiú teorainn agus imirce.

Fostaíochta le haghaidh Daoine faoi Mhíchumas, i gcomhréir leis an Teachtaireacht maidir leis an Straitéis um Chearta Daoine faoi Mhíchumas a Fheabhsú go dtí 2030.

**Mar sin féin, ní féidir le post cosaint a thabhairt ar an mbochtaineacht ach amháin má áirithíonn sé ioncam leordhóthanach, atá leormhaith chun costais mhaireachtála a chumhdach.** D'ainneoin feabhsuithe beaga le deich mbliana anuas, tá thart ar 8,3 % de dhaoine atá ag obair san Aontas fós i mbaol bochtaineachta. Tá dhá oiread seans ann go mbeidh siad siúd atá ar chonarthaí páirtaimseartha nó sealadacha i mbaol bochtaineachta (12,9 % agus 13,4 % faoi seach) i gcomparáid leo siúd atá ar phoist lánaimseartha nó bhuana (6,9 % agus 5,2 % faoi seach).

**Chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht lucht oibre, ní mór poist dea-cháilíochta a chur chun cinn, déine na hoibre ísle ainneonaí a chomhrac , lena n-áirítear trí dheireadh a chur le bacainní amhail easpa cúraim inacmhainne agus rochtain ar sheirbhísí agus ar thacaíocht ioncaim a áirithiú i gcás inarb ábhartha**. Éilítear leis freisin dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe trí dhreasachtaí a chur ar bhonn foirmiúil in éineacht le forfheidhmiú. Le geilleagar atá an-iomaíoch agus nuálach, ina bhfuil pá leordhóthanach agus trédhearcach a fhaigheann tacaíocht ón gcómhargáil, ó chonarthaí oibre neamhfhorbhásacha, ó dheiseanna oiliúna, ó chosaint shóisialta leordhóthanach ([15]), chomh maith le beartais a chuidíonn le saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a thabhairt chun réitigh, is féidir poist dea-cháilíochta a bheith ann ([16]). Bíonn tionchar freisin ag dearadh na sochar sóisialta agus na sochar laistigh den fhostaíocht sna Ballstáit ar bhochtaineacht lucht oibre, go háirithe dóibh siúd atá ag aistriú i dtreo poist lánaimseartha chobhsaí. Ba cheart pá íosta leordhóthanach a shocrú ar leibhéal atá leordhóthanach chun daoine atá ag obair go lánaimseartha a chosaint ar an mbochtaineacht, i gcomhréir leis an Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach.

In 2027, cuirfidh an Coimisiún **Moladh ón gCoimisiún ar aghaidh lena soláthrófar treoraíocht bheartais fhianaisebhunaithe agus dea-chleachtais chun bochtaineacht lucht oibre a chosc agus a chomhrac.** Forbrófar an treoir i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis na comhpháirtithe sóisialta. Leagfar amach ann na príomhchúiseanna atá le bochtaineacht lucht oibre agus forbrófar dea-chleachtais chun tacú le haistrithe i dtreo déine oibre níos airde (agus ioncaim níos airde dá bhrí sin) agus chun a áirithiú go mbeidh córais sochair chánach ailínithe go comhsheasmhach ionas go mbeidh ioncam níos airde mar thoradh ar níos mó uaireanta an chloig a oibrítear. Ina dhiaidh sin, beidh plé struchtúrtha tiomnaithe ann leis na gníomhaithe ábhartha uile, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta agus na húdaráis náisiúnta. Ag an am céanna, cuirfidh an Coimisiún dlús leis an bhforfheidhmiú chun trasuí iomlán na Treorach maidir le pá íosta leordhóthanach a áirithiú ([17]). I dtuarascáil 2026 atá ar na bacáin maidir leis an Treoir, tabharfar forléargas ar staid na hoibre mar atá faoi láthair. Cuirfidh an Coimisiún dlús lena iarrachtaí trí mhalartuithe foghlama frithpháirtí agus trí dhlúthfhaireachán a shaothrú laistigh den Choiste Fostaíochta agus den Choiste um Chosaint Shóisialta.

---

([15]) Moladh 2019/C 387/01 ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe.

([16]) Teachtaireacht COM(2025) 944 final ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2025 maidir leis an Treochlár um Poist Dea-cháilíochta.

([17]) Treoir (AE) 2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach

**Tá sé ríthábhachtach an tacaíocht is gá a áirithiú chun maireachtáil faoi dhínit dóibh siúd nach bhfuil in ann oibriú, ó thaobh struchtúir de nó toisc go bhfuil bacainní sonracha rompu faoi láthair ([18]).** Cé go bhfuil scéimeanna ioncaim íosta i bhfeidhm ag na Ballstáit uile, lena dtacaítear freisin le rochtain ar sheirbhísí agus le cuimsiú sa mhargadh saothair, tá éagsúlacht shuntasach idir leordhóthanacht agus cumhdach na tacaíochta. Dúshlán suntasach i ndáil leis sin is ea leibhéil ísle ghlacadh na tacaíochta, atá éagsúil ó 20 % go 50 % ar fud na mBallstát, rud a bhaineann an bonn go mór d'éifeachtacht an bheartais phoiblí. Go luath in 2027, foilseoidh an Coimisiún **Coimre dea-chleachtais chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar neamhghlacadh tacaíochta ioncaim.** Cumhdófar leis sin na cúiseanna éagsúla leis an neamhghlacadh, lena n-áirítear easpa faisnéise agus castacht riaracháin, agus beidh sé mar bhonn do chomhar níos struchtúrtha ar an ábhar sin sa Choiste um Chosaint Shóisialta ([19]) agus ina mheitheal um Ioncam Íosta ([20]).

*Bochtaineacht seanaoise a chomhrac agus a chosc*

**In 2025, bhí beagnach duine as gach cúigear atá 65 bliana d'aois nó níos sine i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta san Aontas (18,8 %).** Tá an ráta i bhfad níos airde i gcás na mban (21,2 %), i gcomparáid le fir (15,8 %). Is minic a bhíonn nasc idir an bhearna inscne sin agus pinsin níos ísle do mhná, ar an meán, mar thoradh ar bhearnaí san fhostaíocht agus sa phá chomh maith le bearnaí gairme ar chúiseanna cúraim a charntar le linn shaol na hoibre. Mar thoradh ar mhinicíocht mhéadaithe riachtanas míchumais agus cúraim fhadtéarmaigh sa tseanaois, bíonn tionchar breise ar bhochtaineacht seanaoise freisin. Ina theannta sin, d'fhéadfadh dúshláin a bheith ag baint leis an tseanaois freisin a bhaineann le riachtanais mhéadaithe cúraim sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh, le baol méadaithe an leithlisithe shóisialta agus an uaignis, rud a d'fhéadfadh a bheith níos measa fós mar gheall ar eisiamh digiteach.

**Chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht seanaoise agus leis an eisiamh sóisialta agus iad a chosc, tá gá le gníomhaíocht chomhordaithe ar fud leordhóthanacht pinsean, rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus cosaint shóisialta** chomh maith le rochtain éifeachtach ar sheirbhísí cúraim ardcháilíochta agus idirghabhálacha spriocdhírithe maidir le cuimsiú sóisialta. Le dreasachtaí agus cumasóirí spriocdhírithe chun saol oibre níos faide a cheadú i gcás pinsin oiriúnacha, leordhóthanacha, sochair seanaoise ([21]) agus coigilteas pinsin fhorlíontaigh, lena dtacaítear le hacmhainneacht na gcóras pinsin, cuirtear cosc ar dhaoine a bheith faoi bhochtaineacht seanaoise. Ar an gcaoi sin, tá ról le himirt freisin ag feabhas a chur ar litearthacht pinsean agus ar thrédhearcacht pinsean chun ioncam scoir a fheabhsú ([22]). Tá sé iarrtha ag an gCoimisiún córas pinsin ilcholúin a thógáil le linn na ragoibre, a mbeidh sé d'aidhm aige ioncam seanaoise leordhóthanach a chinntiú.

---

([18]) Moladh 2023/C 41/01 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach.

([19]) An Coiste um Chosaint Shóisialta - Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú Sóisialta.

([20]) Meitheal an Líonra um Ioncam Íosta - Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú.

([21]) Sásraí amhail pinsin íosta agus sochair seanaoise, pinsin marthanóirí, liúntais mhíchumais, scéimeanna deighilte pinsean agus creidmheasanna pinsin do thréimhsí cúraim.

([22]) Teachtaireacht 124 final ón gCoimisiún an 19 Márta 2025 maidir le straitéis an aontais coigiltis agus infheistíochta, Teachtaireacht 839 final ón gCoimisiún an 20 Samhain 2025 maidir le feabhas a chur ar acmhainneacht earnáil pinsin fhorlíontaigh an Aontais feabhas a chur ar ioncam scoir agus caipiteal

In 2027, foilseoidh an Coimisiún agus an Coiste um Chosaint Shóisialta **Tuarascáil Chomhpháirteach maidir le Cosaint Shóisialta Leordhóthanach sa Seanaois**, ina sainaithnítear bearnaí i leordhóthanacht pinsean agus i gcumhdach cúraim fhadtéarmaigh ar fud na mBallstát, agus **Tuarascáil Saineolaithe ina ndéanfar mapáil agus athbhreithniú ar shásraí náisiúnta chun daoine scothaosta a chosaint ar an mbochtaineacht.** Tacóidh an dá cheann acu le lucht ceaptha beartas athchóirithe a dhéanamh chun córais phinsin a neartú, a leordhóthanacht fhadtéarmach a áirithiú agus aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht seanaoise. Ag tógáil orthu sin, **beidh malartú ardleibhéil** ag an gCoimisiún leis na Ballstáit, le comhpháirtithe sóisialta, le páirtithe leasmhara agus le saineolaithe **maidir le beartais chomhtháite le haghaidh seanaois dhíniteach**.

***Tarchur na bochtaineachta sa saol ar fud na n-aoisghrúpaí a sheachaint***

**Gach bliain, gluaiseann thart ar aon trian de na daoine atá i mbaol bochtaineachta as an mbochtaineacht agus cuirtear cohóirt nua ina n-ionad** ([23]). Is iondúil gurb iad athruithe ar fhostaíocht agus ar ioncam (amhail éirí as post nó post nua a thosú, nó uaireanta oibre a mhéadú nó a laghdú) a spreagann na haistrithe sin isteach sa bhochtaineacht agus amach aisti, ach freisin athruithe ar chomhdhéanamh an teaghlaigh (amhail leanbh a bheith acu nó iad a scaradh) agus tionchar níos leithne géarchéimeanna.

**Is tráthanna ríthábhachtacha iad na haistrithe idir na céimeanna saoil, ón óige go dtí an óige, an óige go dtí an aois oibre agus an aois oibre go dtí an aois scoir, nuair is féidir leis an riosca titim i staideanna forbhásacha teacht chun cinn.** Mar shampla, is minic a bhíonn garspriocanna tábhachtacha saoil roimh dhaoine óga a fhágann teach an teaghlaigh, amhail dul isteach i margadh an tsaothair, go minic trí phoist fhorbhásacha nó teaghlach a thosú agus iad ag streachailt le rochtain a fháil ar thithíocht inacmhainne. Tá sé sin an-ghéar dóibh siúd a fhágann cúram malartach (institiúideach nó cónaithe), atá i mbaol níos mó bochtaineachta nó fiú easpa dídine ([24]). Ar an gcaoi chéanna, is féidir riosca bochtaineachta méadaithe a bheith ag gabháil leis an aistriú ó aois oibre go scor, mura bhfuil sé ullmhaithe go maith. Tá sé ríthábhachtach saol oibre níos faide a chur chun cinn dóibh siúd ar féidir leo agus ar mian leo leanúint de bheith ag obair agus tacú le haosú gníomhach folláin chun bochtaineacht seanaoise a chosc. Ba cheart beartais a bheith ag gabháil leis sin lena gcuirtear dreasachtaí dearfacha agus níos mó solúbthachta chun cinn i gconairí scoir, lena léirítear freisin éagsúlacht na ngairmeacha oibre agus lena spreagtar cuimsiú luath i bpinsin fhorlíontacha.

**Ar bhonn níos leithne, ní mór gach beartas a cheapadh chun carnadh míbhuntáistí i gcaitheamh an tsaoil a chosc.** Is é sin an réasúnaíocht atá taobh thiar den Straitéis um an gCothroime Idirghlúine ([25]) agus den Treochlár Fadsaolaí atá ar na bacáin, ina ndéanfar saincheisteanna beartais aoisshonracha a mhapáil do gach aoisghrúpa chun deiseanna

fadtéarmach a sholáthar do gheilleagar an Aontais, agus Moladh 2025/2384 ón gCoimisiún an 27 Samhain 2025 maidir le córais rianaithe pinsean, deaiseanna pinsin agus uathchlárú.

([23]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, Bochtaineacht san Aontas Eorpach - príomhthreochtaí agus príomhbheartais, doiciméad inmheánach oibre (2026) 770.

([24]) De réir UNICEF, ar fud an Aontais, tá na céadta míle leanbh ina gcónaí in institiúidí cónaithe, le ró-ionadaíocht leanaí faoi mhíchumas. Tá tionchar dian ag an institiúidiú agus d'fhéadfadh sé maireachtáil ar feadh saolré.

([25]) Teachtaireacht COM(2026) 110 final ón gCoimisiún an 5 Márta 2026 maidir leis an straitéis um chothroime idirghlúine.

straitéiseacha a shainaithint chun saol níos faide agus níos sláintiúla agus slándáil airgeadais a mhúnlú go gníomhach.

## 2. Bearta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chothrománacha a chuireann leis an mbochtaineacht

D'fhonn an bhochtaineacht a chosc agus aghaidh a thabhairt uirthi a thuilleadh, tá sé ríthábhachtach dul i ngleic le dúshláin chothrománacha, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar gach glúin ag an am céanna. Áirítear leis sin idirdhealú agus stiogma, deacrachtaí chun íoc as bunriachtanais, amhail bia, fuinneamh, teach agus bunearraí eile agus easpa rochtana ar sheirbhísí ardcháilíochta.

### *An t-idirdhealú agus an stiogma a chomhrac*

**Is féidir le claontacht agus stiogma grúpaí sonracha den daonra a chur faoi mhíbhuntáiste ón tús, agus tá mná agus roinnt grúpaí den daonra níos neamhchosanta ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta.** Is mó seans go mbeidh mná thíos leis an mbochtaineacht, lena n-áirítear mar gheall ar neamhchosaint ar níos lú deiseanna fostaíochta agus rátaí fostaíochta níos ísle, sosanna le linn na gairme agus obair chúraim gan íocaíocht ([26]). Bíonn tionchar ag claontacht agus stiogma freisin ar dhaoine faoi mhíchumas (29 % i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta), ar dhaoine a rugadh lasmuigh den Aontas (39 %), ar dhaoine a bhfuil cúlra mionlaigh ciníoch nó eitneach acu, go háirithe Romaigh (tá 70 % i mbaol bochtaineachta) agus ar dhaoine LADTIA+ (bíonn deacrachtaí móra ag 38 % díobh greim a choinneáil faoin bhfiacail).

**Is féidir leis na tosca sin go léir teorainn a chur le rochtain ar fhostaíocht, ar oideachas, ar thithíocht, ar sheirbhísí a bhaineann le cúram agus ar sheirbhísí eile, agus an bonn a bhaint ag an am céanna den mhuinín shóisialta, den tsábháilteacht phearsanta agus den rannpháirtíocht sa tsochaí.** Tá straitéisí tarraingthe suas ag an gCoimisiún arb é is aidhm dóibh comhionannas inscne a chur chun cinn agus idirdhealú i gcoinne daoine faoi mhíchumas, daoine a ndéanann ciníochas difear dóibh, Romaigh agus daoine LADTIA+ a chomhrac, i gcomhthéacs Aontas an Chomhionannais ([27]). Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara eile chun bearta frithbhochtaineachta a fhorbairt a bheidh dírithe ar ghrúpaí sonracha. Go háirithe, iarrtar i gCreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh an bhearna bhochtaineachta idir na Romaigh agus an pobal i gcoitinne a laghdú faoina leath ar a laghad faoi 2030.

**Chomh maith leis na grúpaí a liostaítear thuas, is minic a dhéantar stiogmatú nó idirdhealú ar dhaoine atá thíos leis an mbochtaineacht mar gheall ar a gcúlra**

---

([26]) Cuirtear i dtábhacht sa Straitéis um Chomhionannas Inscne 2026-2030 go bhféachfaidh an Coimisiún ar bhealaí chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí mhargadh an tsaothair agus ar ghnéithe ábhartha den chóras pinsin lena spreagtar an bhearna phinsin idir na hinscní, agus chun malartú dea-chleachtas a mhapáil agus tacú leis chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna.

([27]) Teachtaireacht COM(2026) 113 final ón gCoimisiún an 5 Márta 2026 maidir leis an straitéis um chomhionannas inscne 2026-2030, Teachtaireacht COM(2021) 101 final ón gCoimisiún an 3 Márta 2021 maidir leis an straitéis i dtaca le cearta daoine faoi mhíchumas 2021-2030, agus Teachtaireacht maidir le 'Feabhas a chur ar an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas suas go dtí 2030', Creat Straitéiseach an Aontais maidir le Comhionannas, Cuimsiú agus Rannpháirtíocht na Romach 2020-2030, Teachtaireacht COM(2026) 12 final ón gCoimisiún an 20 Eanáir 2026 maidir leis an straitéis frithchiníochais 2026-2030, Teachtaireacht COM(2025) 725 final ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2025 maidir leis an straitéis um chomhionannas LADTIA+ 2026-2030, Teachtaireacht COM(2021) 142 final ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 maidir le straitéis an Aontais um chearta an linbh.

**socheacnamaíoch** ([28]). Chun bonn eolais a chur faoi thuilleadh oibre, déanfaidh an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha anailís dhlíthiúil chomparáideach ar an stádas socheacnamaíoch mar fhoras idirdhealaithe i gcreataí dlíthiúla agus rialála Bhallstáit an Aontais agus cuirfidh sí sonraí ar fáil faoi thionchar suntasach na bochtaineachta agus an mhíbhuntáiste shocheacnamaíoch ar an idirdhealú.

***Cumhdach na mbunriachtanas a éascú i gcomhthéacs an chostais maireachtála a bheith ag dul i méid***

**Ar fud an Aontais, mar gheall ar an mbrú méadaitheach maidir le costas maireachtála, tá níos mó daoine i ngreim ag an mbochtaineacht, rud a ghéaraíonn an cruatan dóibh siúd atá ag streachailt cheana féin agus a mhéadaíonn an éiginnteacht airgeadais do theaghlaigh mheánioncaim.** Tá an costas maireachtála ar cheann de na príomhábhair imní atá ag daoine san Aontas, agus imní ar 88 % faoin gcostas maireachtála laethúil agus faoin tionchar atá aige ar thodhchaí a dteaghlaigh ([29]). Is cúis mhór imní é sin do dhaoine atá thíos leis an mbochtaineacht cheana féin sa lá atá inniu ann, agus ag an am céanna brúitear iad siúd ón meánaicme i mbaol na héiginnteachta agus an chruatain. Ábhar mór imní amháin is ea inacmhainneacht bia fholláin inbhuanaithe, agus ba cheart faireachán a dhéanamh air sin agus dul i ngleic leis ([30]). Agus praghsanna bia ag ardú, braitheann grúpa daoine atá ag dul i méid i gcónaí ar thacaíocht ó údaráis nó ó eagraíochtaí chun rochtain a fháil ar bhia nó chun brath ar thacaíocht ó bhainc bhia ([31]).

**Ba cheart tús áite a thabhairt i gcónaí don chomhrac i gcoinne na bochtaineachta fuinnimh agus iompair i gcomhthéacs an tsuaite gheopholaitiúil atá ann faoi láthair,** ós rud é go mbíonn tionchar níos suntasaí fós ag méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus iompair ar theaghlaigh soghonta a chaitheann sciar níos airde ioncaim ar fhuinneamh. Mar a fógraíodh sa Teachtaireacht AccelerateEU a glacadh i mí Aibreáin 2026, comhordóidh an Coimisiún iarrachtaí chun saoránaigh, agus go háirithe tomhaltóirí soghonta, a chosaint ar shuaitheadh praghsanna fuinnimh lena n-áirítear trí bhearta éigeandála, cosaint ar dhícheangal, scéimeanna léasaithe shóisialta agus bearta eile chun dlús a chur le coigilt fuinnimh agus fuinneamh glan. Cuirfidh an Coimisiún dlús freisin lena iarrachtaí i gcoinne na bochtaineachta fuinnimh trí Mholadh 2023 ón gCoimisiún maidir le bochtaineacht fuinnimh a thabhairt cothrom le dáta níos déanaí in 2026 ([32]). I gcás teaghlaigh ar ioncam íseal, is féidir le geilleagar níos ciorclaí brúnna costais maireachtála a laghdú trí shaolré

([28]) Anailís ar thabhairt isteach stádais shocheacnamaíoch mar fhoras idirdhealaithe, Comhghuaillíocht Tomas Kadar, Comhionannas agus Cearta.

([29]) Eurobaromater 2025 'Infheistíocht a dhéanamh sa Chothroime'.

([30]) Déanann an Coimisiún faireachán ar infhaighteacht agus inacmhainneacht bia san Aontas leis an bhFaireachlann um an mBiashlabhra Talmhaíochta agus cuirfidh sé chun cinn malartú dea-chleachtas maidir le bochtaineacht bia agus rochtain ar aiste bia shláintiúil sna Ballstáit. Tá ról lárnach ag an gComhbheartas Talmhaíochta maidir le hinfhaighteacht bia san Aontas a chosaint, rud a chuireann le bia sláintiúil inbhuanaithe.

([31]) Tacaíonn an tAontas le rochtain ar chúnamh ábhartha bunúsach, agus ar bhia go háirithe (CSE+).

([32]) Leanfaidh an Coimisiún freisin de phacáiste Fuinnimh na Saoránach a glacadh i mí an Mhárta 2026 a chur chun feidhme, lena n-áirítear iarrachtaí amach anseo chun an chosaint ar dhíscor a neartú agus chun an Mol Comhairleach Eorpach maidir leis an bhFuinneamhbhochtaineacht a bhainistiú. Le Moladh 2025 ón gCoimisiún maidir leis an mBochtaineacht Iompair agus leis an Mol Bochtaineachta Iompair, tacaíonn an Coimisiún leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht iompair. Is cuspóir de chuid an Chiste Aeráide Shóisialta é sin freisin.

agus indeisitheacht táirgí a leathnú agus trí rochtain ar mhargaí athláimhe agus ar sheirbhísí deisiúcháin inacmhainne a leathnú ([33]).

**I gcomhthéacs an mhéadaithe atá ag teacht ar an gcostas maireachtála, tá sé ríthábhachtach dlús a chur leis na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar chosaint tomhaltóirí, ar litearthacht airgeadais agus ar rochtain ar sheirbhísí airgeadais.** Ba cheart tomhaltóirí, agus go háirithe tomhaltóirí soghonta, a chosaint sa saol digiteach freisin. Cuideoidh an Gníomh um Chothroime Dhigiteach atá ar na bacáin go mór leis an gcosaint sin a chinntiú. Tá ról tábhachtach ag litearthacht airgeadais, ó aois óg cheana féin, toisc gur féidir léi tacú le cumas daoine coincheapa bunúsacha a thuiscint lena gcuirtear ar a gcumas tomhaltas, coigilteas agus infheistíocht a dhéanamh ar bhealach níos eolasaí ar feadh a saoil ([34]). Is féidir le litearthacht airgeadais cuidiú freisin le rófhéichiúnas a sheachaint, rud a d'fhéadfadh dul in olcas mar gheall ar chostais fiachais atá ag dul i méid, ioncaim atá ag titim, costas maireachtála níos airde agus spleáchas méadaithe ar chreidmheas ([35]). Tá sé ríthábhachtach freisin rochtain ar sheirbhísí airgeadais a éascú trína chinntiú go bhfuil sé de cheart ag gach tomhaltóir cuntas íocaíochta a bhfuil gnéithe bunúsacha aige a oscailt agus a úsáid áit ar bith san Aontas ([36]) chomh maith le rochtain ar airgead tirim a fheabhsú ([37]).

**Is dúshlán ar leith iad praghsanna tithíochta dóibh siúd atá thíos leis an mbochtaineacht nó atá i mbaol bochtaineachta.** Is réamhriachtanas ríthábhachtach í rochtain ar thithíocht inacmhainne, inbhuanaithe agus ardcháilíochta chun lánpháirtiú sa tsochaí agus i margadh an tsaothair ([38]). Cé gur mó seans go dtitfidh daoine a bhfuil

---

([33]) Leis an nGníomh um an nGeilleagar Ciorclach atá le glacadh ag an gCoimisiún in 2026, tabharfar aghaidh ar scrogaill a chuireann bac ar an aistriú ciorclach i roinnt príomhshlabhraí luacha, amhail teicstílí, foirgníocht agus plaistigh.

([34]) Teachtaireacht COM(2025) 681 final ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2025 maidir le straitéis litearthachta airgeadais don Aontas Eorpach.

([35]) Treoir AE 2023/2225 an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le comhaontuithe creidmheasa do thomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/48/CE agus Treoir AE 2014/17/AE an 4 Feabhra 2014 maidir le comhaontuithe creidmheasa do thomhaltóirí a bhaineann le maoin chónaithe dhochorraithe agus lena leasaítear Treoracha 2008/48/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

([36]) Treoir 2023/2225 ón Aontas an 30 Deireadh Fómhair 2023 maidir le comhaontuithe creidmheasa do thomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/92 ón Aontas an 23 Iúil 2014 maidir le hinchomparáideacht táillí a bhaineann le cuntais íocaíochta, le malartú cuntas íocaíochta agus le rochtain ar chuntais íocaíochta a bhfuil gnéithe bunúsacha acu.

([37]) Togra COM(2023) 366 final ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2023 maidir le seirbhísí íocaíochta agus seirbhísí ríomh-airgid sa mhargadh inmheánach lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/2366 agus Treoir 2009/110/CE, togra COM(2023) 366 final ón gCoimisiún maidir le seirbhísí íocaíochta agus seirbhísí ríomh-airgid sa Mhargadh Inmheánach lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/2366 agus Treoir 2009/110/CE agus togra COM(2023) 364 final ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir le dlíthairiscint nótaí bainc agus monaí euro.

([38]) Tacaíonn Plean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne 2025 leis na Ballstáit, leis na réigiúin agus leis na cathracha dul i ngleic leis an ngéarchéim tithíochta. Iarrann sé go ndíreofaí go sonrach ar thacaíocht a thabhairt do na daoine is mó atá thíos leis, go háirithe daoine óga agus daoine gan dídean. Sa chomhthéacs sin, is é is aidhm don Ardán Infheistíochta Uile-Eorpach um thithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe agus don Chomhghuaillíocht Eorpach um Thithíocht creat trasearnála agus il-rialtasach a chur ar fáil chun comhar a fhorbairt agus maoiniú breise a ghiaráil do thithíocht shóisialta agus inacmhainne, lena n-áirítear ar mhaithe leis na daoine is leochailí. Tacaíonn Bauhaus Eorpach Nua le tithíocht inacmhainne, inbhuanaithe agus ardcháilíochta trí chistiú a mhéadú agus réitigh nua a fhorbairt

deacrachtaí tithíochta acu i mbochtaineacht, tá ró-ualach ar 31,1 % de theaghlaigh ar ioncam íseal mar gheall ar chostais tithíochta, agus tuairiscíonn thart ar 5 % de dhaoine atá 16 bliana d'aois nó níos sine go raibh deacrachtaí tithíochta acu tráth éigin ina saol ([39]). Fulaingíonn thart ar 1 mhilliún duine san Aontas easpa dídine, an cineál bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta is measa ([40]). **In éineacht leis an Straitéis sin, cuireann an Coimisiún togra ar aghaidh le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le heisiamh tithíochta a chomhrac**, arb é is aidhm dó dearadh agus cur chun feidhme creataí straitéiseacha náisiúnta a éascú bunaithe ar bheartais dhuinelárnacha, tithíocht-bhunaithe agus chomhtháite chun tacú le daoine i staideanna tithíochta forbhásacha agus chun an easpa dídine a chosc agus aghaidh a thabhairt uirthi.

***Rochtain ar sheirbhísí a áirithiú dóibh siúd atá i ngátar***

**Tá ról tábhachtach ag seirbhísí sóisialta maidir leis an leas bunúsach agus an tacaíocht bhunúsach is gá a chur ar fáil dóibh siúd atá thíos leis an mbochtaineacht cheana féin agus maidir le daoine eile a chosc ó bheith thíos leis an mbochtaineacht.** Tá tábhacht ar leith ag baint le seirbhísí cuimsithe shóisialta, amhail obair shóisialta, comhairleoireacht, tacaíocht shíceolaíoch agus athshlánú. Tá ról lárnach ag seirbhísí cuimsithe shóisialta freisin maidir le húsáideoirí a threorú i dtreo na seirbhísí a theastaíonn uathu (amhail oideachas agus oiliúint, cúram, seirbhísí sláinte) agus maidir lena rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha, mar a thugtar orthu, a éascú (fuinneamh, iompar, cumarsáid dhigiteach, uisce agus sláintíocht agus seirbhísí airgeadais) trína gcur ar an eolas faoi na scéimeanna ábhartha in áiteanna (e.g. sochair fuinnimh). Chun go mbeidh a n-iarrachtaí éifeachtach, ní mór an comhar idir riaracháin a neartú, lena n-áirítear i dtéarmaí bonneagar digiteach. Ina theannta sin, dúshlán ar leith is ea a áirithiú go mbeidh seirbhísí ar fáil ar fud na críche, lena n-áirítear i réigiúin tuaithe agus sna réigiúin is forimeallaí. Ceileann meáin náisiúnta éagothromaíochtaí críochacha suntasacha le pócaí bochtaineachta a dhéanann difear do cheantair uirbeacha agus thuaithe araon. Ceann de chuspóirí na Straitéise atá ar na bacáin maidir le 'ceart fanachta', arb é is aidhm di tacú le tarraingteacht na gcríoch, is ea rochtain ar sheirbhísí a éascú ar fud an Aontais.

**Is éard atá i gceist le feabhas a chur ar rochtain ar sheirbhísí cáilíocht, infhaighteacht, inrochtaineacht agus inacmhainneacht níos fearr.** Oibreoidh an Coimisiún leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta chun **nuashonrú a dhéanamh ar Chreat Deonach Eorpach 2010 um Cháilíocht na Seirbhísí Sóisialta**, lena ndírítear ar sholáthar seirbhísí a fheabhsú (lena soláthraítear treoirlínte maidir le conas caighdeáin cháilíochta le haghaidh seirbhísí sóisialta a shocrú, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu). Tabharfaidh sé sin aghaidh freisin ar chastacht riaracháin, stiogma, eisiamh digiteach agus bacainní nós imeachta. Tabharfaidh an Coimisiún **Tuarascáil 2023 ón gCoimisiún maidir le Rochtain ar Sheirbhísí Bunriachtanacha** cothrom le dáta freisin.

---

agus a mhacasamhlú le haghaidh comharsanachtaí níos cuimsithí, níos cothroime agus níos inrochtana chomh maith le réitigh faoi stiúir an phobail le haghaidh tithíocht inacmhainne.

([39]) Sainmhínítear deacrachtaí tithíochta mar chásanna nach raibh aon áit dá gcuid féin ag duine (faoi úinéireacht nó ar cíos) agus inar cuireadh iallach ar dhuine fanacht le cairde nó le teaghlach, cóiríocht éigeandála nó shealadach a úsáid, cónaí in áit nach raibh beartaithe mar theach buan, nó codladh i spás poiblí.

([40]) I nDearbhú Liospóin 2021 maidir leis an Ardán Eorpach chun an Easpa Dídine a Chomhrac, leagtar amach gníomhaíochtaí comhchoiteanna chun oibriú i dtreo na n-uaillmhianta deireadh a chur leis an easpa dídine faoi 2030.

**Is féidir le bacainní ar rochtain ar sheirbhísí cur leis an mbochtaineacht agus í a dhaingniú, go háirithe nuair nach féidir leo siúd atá i ngéarghá tacaíocht thapa éifeachtach a fháil in am an ghátair.** Tá gá le cumhdach feabhsaithe, comhtháthú agus comhar níos fearr i measc seirbhísí, agus ailíniú níos láidre idir an tacaíocht atá ar fáil agus riachtanais iarbhír na ndaoine sin a bhfuil sé beartaithe acu iad a bhaint amach. **In 2027, cuirfidh an Coimisiún togra ar aghaidh le haghaidh Moladh ón gComhairle, chun tacú le rochtain níos éasca agus comhtháite ar sheirbhísí.** Leagfar béim ann ar ról na seirbhísí cuimsithe shóisialta, lena dtacófar le pointe rochtana aonair ar fud na críche, lena n-éascófar soláthar tacaíochta comhtháite. Beidh sé d'aidhm aige a bhfor-rochtain agus a ngaireacht d'fhaighteoirí agus an spleáchas ar mheasúnú tapa ar riachtanais an úsáideora a neartú agus plean tacaíochta comhtháite ina dhiaidh sin. Tacóidh sé freisin le cleachtais tacaíochta piaraí i measc daoine atá thíos leis an mbochtaineacht, agus aitheantas á thabhairt dá dtaithí phearsanta agus dá n-eolas maidir le rochtain ar sheirbhísí a éascú.

**Tá ról lárnach ag an oideachas agus ag an oiliúint, ar feadh na saolré, maidir leis an mbochtaineacht a chomhrac agus a chosc.** Is féidir le rochtain ar oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán cabhrú le daoine a thabhairt slán as an mbochtaineacht nó as an eisiamh sóisialta, trí na scileanna is gá a thabhairt dóibh chun post dea-cháilíochta a fháil agus chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí. Is féidir leis an oideachas deireadh a chur le timthriall an mhíbhuntáiste ag gach céim den saol - ón luath-óige go dtí an fhoghlaim aosach agus an athoiliúint ghairmiúil. Mar sin féin, tá cúlra socheacnamaíoch na mac léinn fós ar an spreagadh is seasmhaí don neamhionannas oideachais san Eoraip. Mar thoradh ar thearcmhaoiniú sistéamach i limistéir dhíothacha, bíonn ganntanas múinteoirí, láimhdeachas foirne níos airde agus níos lú oideoirí ag a bhfuil níos lú taithí, rud a fhágann nach mbíonn an tacaíocht aonair chomh hoiriúnach céanna - go beacht na coinníollacha is lú a oireann do leanaí faoi mhíbhuntáiste nach féidir leo leas a bhaint as acmhainní cúiteacha sa bhaile. Níos déanaí in 2026, glacfaidh an Coimisiún **Pacáiste Oideachais, ina mbeidh Scéim Tacaíochta um Bunscileanna**, lena dtacófar le hidirghabhálacha éifeachtacha ar leibhéal na scoile chun cabhrú le gach leanbh agus duine óg, lena n-áirítear iad siúd ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, leibhéal leordhóthanach bunscileanna a bhaint amach faoi dheireadh na scolaíochta éigeantaí agus chun neamhionannais luathfhoghlama a laghdú. Tá inniúlachtaí agus scileanna digiteacha fíor-riachtanach anois chun páirt a ghlacadh sa tsochaí, chun leas a bhaint as seirbhísí poiblí digiteacha, agus chun rochtain a fháil ar mhargadh an tsaothair. **Leanfaidh an Coimisiún dá iarrachtaí go mbeidh bunleibhéal scileanna digiteacha ar a laghad ag 2030 80 % de shaoránaigh na hEorpa, rud atá ina choinníoll riachtanach do phoist atá ann faoi láthair** agus do phoist a bheidh ann amach anseo araon.

**I gcomhthéacs treochtaí déimeagrafacha, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar rochtain na ndaoine is soghonta ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh.** Is amhlaidh atá go háirithe i gceantair thuaithe, a bhfuil dúshláin níos mó rompu maidir le haosú an daonra. Trí fheabhas a chur ar an rochtain ar chúram fadtéarmach cuimsitheach, inacmhainne agus ar ardchaighdeán, is féidir tionchar dearfach a imirt ar fhaighteoirí cúraim, ach baineann gné na bochtaineachta freisin le cúramóirí neamhfhoirmiúla - mná den chuid is mó. Is minic a chuireann freagrachtaí cúraim srian le rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, a laghdaíonn fabhrú pinsin agus a chuireann siad teorainn le slándáil ioncaim. Tá ionstraimí tiomnaithe curtha i bhfeidhm ag an Aontas chun tacú le rochtain ar chúram fadtéarmach

inacmhainne ar ardchaighdeán ([41]). In 2027, cuirfidh an Coimisiún **Comhaontú Cúraim Eorpach** ar aghaidh, lena dtreorófar athchóirithe agus infheistíochtaí le haghaidh seirbhísí cúraim inacmhainne agus ardcháilíochta ar feadh an tsaoil, agus aird ar leith á tabhairt orthu siúd atá i mbaol bochtaineachta, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar chúiseanna struchtúracha na nganntanas lucht saothair - tarraingteacht agus cáilíocht na bpost in earnáil an chúraim.

**Cuireann teagmhais adhaimsire mar gheall ar an athrú aeráide isteach ar sheirbhísí bunriachtanacha, déanann siad damáiste don bhonneagar agus is féidir leo grúpaí sóisialta leochaileacha a bhrú níos faide i dtreo na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta.** Tá sé ríthábhachtach athléimneacht sochaí a neartú i bhfianaise tionchair aeráide, a bhfuil tionchar díréireach acu ar theaghlaigh shoghonta. Deis a bheidh sa **chreat comhtháite Eorpach maidir le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide atá ar na bacáin** aghaidh a thabhairt orthu sin. Ar bhonn níos ginearálta maidir le **hullmhacht**, léirítear leis an taithí a fuarthas ó ghéarchéimeanna a tharla le déanaí gur gá teagmháil a dhéanamh le pobail atá faoi mhíbhuntáiste ar leith agus leo siúd atá thíos le hidirdhealú, bochtaineacht agus eisiamh sóisialta agus díriú orthu, d'fhonn cumarsáid a fheabhsú agus bréagaisnéis a chosc.

## 3. Rialachas agus cistiú a neartú agus faireachán a fheabhsú chun an bhochtaineacht a laghdú agus a chosc

### *Rialú*

**Is freagracht chomhchoiteann shuntasach é aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht agus í a chosc.** Ag gníomhú le chéile agus ar gach leibhéal, is é an t-aon chonair amháin é chun go n-éireoidh leis an Aontas an bhochtaineacht a dhíothú faoi 2050. Iarrtar ar údaráis phoiblí agus ar ghníomhaithe príobháideacha, chomh maith le comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí sochaí sibhialta a gcion féin a dhéanamh.

**Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh creataí beartais frithbhochtaineachta i bhfeidhm, ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, de réir mar is ábhartha.** Is dúshlán atá ag dul i méid í an bhochtaineacht i ngach Ballstát. Faoi láthair, níl straitéisí náisiúnta frithbhochtaineachta nó creataí straitéiseacha comhchosúla ach ag 22 Bhallstát, agus tá ról lárnach ag údaráis réigiúnacha agus áitiúla ina rialachas agus ina gcur chun feidhme. Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit uile straitéisí comhleanúnacha agus níos éifeachtúla a chur chun cinn chun an bhochtaineacht a chomhrac, agus tá sé réidh chun tacú leis na Ballstáit an bhochtaineacht a laghdú agus a chosc. **Ní mór d'infheistíochtaí agus d'athchóirithe nua a bheith bochtaineacht-díonach.** Tacaíonn an Coimisiún le measúnuithe tionchair dáileacháin a úsáid ([42]) sna Ballstáit agus cuirfidh sé treoracha breise ar fáil maidir le measúnuithe den sórt sin a úsáid ina gcreataí buiséadacha náisiúnta, i gcás inarb indéanta.

In éineacht leis an Straitéis seo, cuireann an Coimisiún **treoirdhoiciméad ar aghaidh chun cabhrú le húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a straitéisí agus a gcreataí**

([41]) Teachtaireacht COM(2022) 440 final ón gCoimisiún an 7 Meán Fómhair 2022 maidir leis an Straitéis Eorpach um Chúram agus Moladh 2022/C 476/01 ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán.

([42]) Teachtaireacht COM(2022) 494 final ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2022 maidir le measúnú níos fearr a dhéanamh ar thionchar dáileacháin bheartais na mBallstát.

**i gcoinne na bochtaineachta a phleanáil agus a fheabhsú** ([43]). Léiríonn na **Prionsabail maidir le beartais éifeachtacha frithbhochtaineachta** cineál ilghnéitheach na bochtaineachta i ndearadh straitéisí chun í a chomhrac agus a chosc, lena ndéantar na páirtithe leasmhara uile is gá agus na leibhéil rialachais uile is gá a chomhlachú. Is féidir iad a úsáid mar uirlis struchtúrtha féinmheasúnaithe agus pleanála ag gach céim den timthriall beartais: ó chreataí frithbhochtaineachta a ullmhú nó a thabhairt cothrom le dáta go ceapadh athchóirithe agus infheistíochtaí, agus an t-athbhreithniú ar an gcur chun feidhme. Tacóidh seirbhísí an Choimisiúin lena n-úsáid trí idirphlé beartais agus trí fhoghlaim fhrithpháirteach i measc na mBallstát.

Agus machnamh á dhéanamh ar an mbochtaineacht mar dhúshlán casta atá ag dul i méid lena n-éilítear freagairtí comhordaithe lena mbaineann infheistíochtaí agus bearta reachtacha, iarrann an Coimisiún ar na **Ballstáit Comhordaitheoir Frithbhochtaineachta a cheapadh**, ar an leibhéal polaitiúil is airde, chun forbairt creataí beartais frithbhochtaineachta a chomhordú agus chun a gcineál ilghnéitheach a áirithiú. Is é an misean a bheadh acu maoirseacht a dhéanamh ar dhearadh, ar chur chun feidhme agus ar fhaireachán na gcreataí, agus na haireachtaí agus na húdaráis ábhartha uile rannpháirteach. Tacóidh siad freisin le cur chun feidhme na gcreataí ag údaráis réigiúnacha agus áitiúla. In éineacht leis na Comhordaitheoirí Náisiúnta Frithbhochtaineachta, eagróidh an Coimisiún malartuithe rialta éifeachtacha dea-chleachtas chun an bhochtaineacht a chomhrac, trí thacú leis an bhfoghlaim fhrithpháirteach agus trína gcomhar a fheabhsú agus trí thacú le cinntí fianaisebhunaithe.

**Faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh, leanfaidh an Coimisiún de threoir a chur ar fáil do na Ballstáit agus cuideoidh sé le beartais náisiúnta ábhartha a chomhordú.** Trí phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ([44]) a chomhtháthú sa Seimeastar, cuireann rialachas eacnamaíoch leis an athléimneacht shóisialta. Sainaithnítear sa Seimeastar dúshláin shóisialta agus bearnaí sna córais náisiúnta cosanta sóisialta, agus moltar freagairtí beartais iomchuí ag an am céanna. I ngach ceann den dá thimthriall dheireanacha den Seimeastar, fuair níos mó ná aon trian de na Ballstáit Moladh Tírshonrach a bhaineann leis an mbochtaineacht. Tá sé tábhachtach go gcuirfidh na Ballstáit dlús lena gcur chun feidhme.

**Chomh maith leis na Ballstáit, comhoibreoidh an Coimisiún le hinstitiúidí agus le heagraíochtaí eile chun tacú le cur chun feidhme na Straitéise.** Go háirithe, leanfaidh an Coimisiún de bheith rannpháirteach trí idirphlé struchtúrtha neamhfhoirmiúil le Parlaimint na hEorpa, go háirithe leis an **Idirghrúpa maidir leis an mBochtaineacht a Chomhrac**. Tiocfaidh an Coimisiún ar chomhaontú freisin maidir le **Plean Gníomhaíochta Comhpháirteach le Coiste Eorpach na Réigiún faoi dheireadh 2026**, lena bhfeabhsófar an comhar i bpríomhréimsí tosaíochta amhail gníomhaíochtaí chun an bhochtaineacht a chomhrac ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun '**Gradam an Aontais don Chuimsiú Sóisialta**' ([45]) a sheoladh do chathracha agus do bhardais, chun aitheantas a thabhairt do ghníomhaíochtaí nuálacha

([43]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, Prionsabail maidir le beartais éifeachtacha frithbhochtaineachta, lena dtacaítear le húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ina gcomhrac in aghaidh na bochtaineachta, doiciméad inmheánach oibre (2026) 771.

[44]Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle.

([45]) Cuirfidh an Gradam seo leis na huirlisí atá ann cheana lena gcuirtear aitheantas agus infheictheacht an Aontais ar fáil do na hiarrachtaí atá déanta ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha.

éifeachtacha a chuirtear chun feidhme ar an leibhéal áitiúil agus chun piarfhoghlaim a chothú trí chur ar chumas cathracha agus bardas dea-chleachtais a mhalartú. Faoi dheireadh 2026, tabharfaidh an Coimisiún agus **Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa** comhaontú comhair i gcrích freisin, ag tógáil ar an gcreat atá ann cheana le haghaidh tacaíocht chomhairleach ó shaineolaithe, agus roinnfidh siad dea-chleachtais chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht.

Ag tógáil ar an taithí dhearfach a fuarthas le linn an phróisis comhairliúcháin don Straitéis, cuirfidh an Coimisiún dlús lena **chomhar le daoine atá thíos leis an mbochtaineacht**. Cuirfidh sé fóram tiomnaithe ar bun chun dul i gcomhairle leo ar bhealach struchtúrtha, go rialta, maidir le dearadh, cur chun feidhme agus faireachán tionscnamh atá dírithe ar an mbochtaineacht nó ar an eisiamh sóisialta a chomhrac, agus i réimsí beartais eile a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá saol. Leanfaidh an Coimisiún freisin de bheith i dteagmháil le **heagraíochtaí sochaí sibhialta ([46])**, ar bhealach struchtúrtha chun tacú le cur chun feidhme na Straitéise. Ag an am céanna, leanfaidh an t-**idirphlé sóisialta** de ról lárnach a bheith aige maidir le réitigh chothroma a aimsiú mar fhreagairt ar athruithe i saol na hoibre ([47]).

***Cistiú***

**I bhfianaise an ghéarghá atá le gníomhaíocht, tá sé ríthábhachtach tacaíocht airgeadais leordhóthanach a áirithiú don chomhrac in aghaidh na bochtaineachta.** Chun bearta i gcoinne na bochtaineachta a mhéadú, ní mór cistiú poiblí agus príobháideach a shlógadh ar bhealach níos éifeachtaí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Áirítear leis sin infheistíochtaí fadtéarmacha, chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí, agus bearta éigeandála tapa chun cosc a chur ar dhaoine a bheith thíos leis an mbochtaineacht agus chun fad na dtréimhsí bochtaineachta a laghdú. I ndáil leis an méid sin, sa ghearrthéarma, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar sheirbhísí a chistiú lena gcabhraítear le leanaí atá i ngátar a aistriú chuig an aosacht (an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí agus an Ráthaíocht don Aos Óg a nascadh) toisc go mbriseann siad tarchur na bochtaineachta ó ghlúin go glúin. Áireofar leis sin sainaithint luath leanaí atá i mbaol a neartú, scéimeanna meantóireachta agus treorach, for-rochtain agus bearta tacaíochta eile a leathnú. Thairis sin, cé go gcuirtear i bhfios go láidir sa Straitéis gurb iad poist ardcháilíochta an bealach is fearr chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht, tá gá le seirbhísí poiblí fostaíochta atá láidir agus dea-mhaoinithe chun a áirithiú go dtacófar leo siúd atá eisiata ó mhargadh an tsaothair.

**Faoi láthair, tá na Ballstáit ag baint úsáid as an EUR 139 mbilliún faoi Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) (2021-2027) ([48]).** Leis an athbhreithniú meántéarma ar chláir an bheartais chomhtháthaithe, bhí na Ballstáit in ann EUR 34,6 billiún a athchlárú go rathúil ina gcistí beartais chomhtháthaithe 2021-2027 i dtreo na dtosaíochtaí straitéiseacha is práinní de chuid an Aontais. Mar thoradh air sin freisin, glacadh go dearfach le ceanglais CSE+ maidir le díriú téamach, agus tháinig méadú 5,4 % (EUR 491 mhilliún breise) ar acmhainní atá tiomnaithe d'aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht leanaí agus tháinig méadú 3,5 % ar dhíth ábhartha (EUR 211 mhilliún breise). Chomh maith le CSE+, tacaíonn an tAontas leis an gcomhrac in aghaidh na bochtaineachta trí Chistí an Bheartais

([46]) Teachtaireacht COM/2025/790 final ón gCoimisiún an 12 Samhain 2025 maidir le straitéis an Aontais Eorpaigh don tsochaí shibhialta.

([47]) Teachtaireacht COM(2023) 40 final ón gCoimisiún an 25 Eanáir 2023 maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach: leas a bhaint as a acmhainneacht iomlán chun aistrithe córa a bhainistiú.

([48]) As an EUR 142 bhilliún sin, tagann EUR 95,1 billiún ó bhuiséad an Aontais.

Chomhtháthaithe amhail Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe agus an Ciste um Aistriú Cóir agus cláir chistiúcháin eile amhail an Ciste Aeráide Sóisialta, InvestEU, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil. Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit Córas Trádála Astaíochtaí 2 (CTA2) a thrasuí agus a bpleananna maidir leis an gCiste Aeráide Sóisialta a thíolacadh gan mhoill ionas gur féidir tacú le teaghlaigh shoghonta. Cuideoidh an Coimisiún leis na Ballstáit an leas is mó is féidir a bhaint as an gcistiú atá ar fáil ón Aontas agus cistí an Aontais a ath-leithdháileadh nuair is féidir agus i gcomhréir le roghanna na mBallstát agus na réigiún ar bhearta frithbhochtaineachta ar féidir leo tionchar marthanach a bheith acu.

**Tá acmhainní suntasacha á n-úsáid freisin tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta** (le buiséad iomlán EUR 577 mbilliún). Áirítear cheana féin sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta athchóirithe agus infheistíochtaí atá ag cuidiú leis na Ballstáit rannchuidiú leis an mbochtaineacht a chomhrac agus a chosc. Tá siad sin le cur i gcrích faoin 31 Lúnasa 2026, i gcomhréir leis na sprioc-amanna a leagtar síos in ailtireacht dhlíthiúil na Saoráide. Is féidir é sin a bhaint amach freisin trí dhlús a chur le seachadadh beart ábhartha sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, agus trí úsáid mhaith a bhaint as na táscairí dá bhforáiltear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún ‘NextGenerationEU - An bóthar go 2026’, i gcás inarb indéanta laistigh de sprioc-am cur chun feidhme STA (31 Lúnasa 2026) ([49]).

**Leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2028-2034, cuirtear 14 % ar a laghad de na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí i leataobh do chuspóirí sóisialta.** Iarrtar ar na Ballstáit a gcuid acmhainní a dhíriú ar cheithre chineál beart sóisialta: cuimsiú sóisialta; bia nó cúnamh ábhartha bunúsach; aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht leanaí agus an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a chur chun feidhme; dífhostaíocht i measc na hóige a chomhrac agus an Ráthaíocht don Aos Óg a chur chun feidhme. Leis an tSaoráid AE atá beartaithe, beifear in ann leanúint de thacaíocht a thabhairt do mhicreamhaoiniú agus do mhaoiniú d’fhiontair shóisialta trí shásra ráthaíochta buiséadaí, mar atá faoi Ionú reatha Infheistíochta Sóisialta agus Scileanna InvestEU.

**Mar chuid dár bhfreagracht chomhchoiteann an bhochtaineacht a chomhrac agus a chosc, is féidir leis an earnáil phríobháideach rannchuidiú go mór agus tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht ilghnéitheach san Aontas.** Is féidir le gnólachtaí agus eagraíochtaí daonchairdis agus infheisteoirí acmhainní poiblí a chomhlánú go mór agus cuidiú le réitigh nuálacha a mhéadú chun an bhochtaineacht a chomhrac, rud a chuideoidh le leas níos fearr agus deiseanna níos fearr a chur ar fáil do chách sa tsochaí, agus le rathúnas agus iomaíochas níos láidre. Chun gur fearr is féidir infheistíochtaí príobháideacha a dhíriú ar chuspóirí sóisialta, tá tábhacht ag baint le caighdeáin, coincheapa agus modhanna ábhartha. Féachfaidh an Coimisiún, i gcomhar le ECFE, ar chreat deonach marcáilte de chuspóirí in-infheistithe a ullmhú. Cuideoidh sé sin le hinfheisteoirí straitéisí infheistíochta a dhearadh, a mheasúnú agus a chur i gcomparáid le chéile go comhsheasmhach agus go solúbtha.

In 2026, thart ar an lá idirnáisiúnta a gcuirfear deireadh leis an mbochtaineacht (17 Deireadh Fómhair), seolfaidh an Coimisiún **Comhghuaillíocht i gcoinne na**

([49]) Mar ionstraim atá ceaptha chun dul i ngleic le hiarmhairtí díobhálacha ghéarchéim COVID-19 san Aontas, le tacaíocht ó mhodhanna breise urghnácha agus sealadacha, cruthaíodh STA le teorainneacha ama an-docht nach féidir maolú orthu, mar a leagtar síos i Rialachán EURI, i Rialachán STA agus sa Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse.

**Bochtaineachta, ina dtabharfar le chéile eagraíochtaí gnó agus daonchairdiúla atá freagrach go sóisialta**. Feidhmeoidh an Chomhghuaillíocht mar ardán Eorpach don chomhar agus don fhoghlaim fhrithpháirteach, lena spreagfar cuideachtaí príobháideacha agus carthanais chun rannchuidiú leis an mbochtaineacht a chosc agus a laghdú agus chun cuidiú le borradh a chur faoin rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ábhartha, rud a mbeidh tionchar sóisialta fóinteach aige. Síneoidh comhpháirtithe comhghuaillíochta Cairt ina leagfar síos prionsabail choiteanna agus gníomhaíochtaí coiteanna do ghnólachtaí de gach méid chun tacú leis an gcomhrac in aghaidh na bochtaineachta. Déanfaidh siad gealltanais shonracha freisin, mar shampla chun earraí agus seirbhísí a sholáthar, chun tionscadail cuimsithe shóisialta a chur chun feidhme sa phobal ina n-oibríonn siad nó chun tacú le lánpháirtiú agus fostaíocht grúpaí sonracha, amhail daoine óga soghonta.

**Leanfaidh an Coimisiún dá chomhar le bainc infheistíochta iltaobhacha a neartú chun cistiú a shlógadh le haghaidh bearta frithbhochtaineachta.** Tacaíonn Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) le fás cuimsitheach trí bhonneagar sóisialta agus seirbhísí bunriachtanacha a mhaoiniú a chuireann ar chumas daoine páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus sa gheilleagar. Ag féachaint chun cinn, tá sé d’aidhm ag **Grúpa BEI infheistíochtaí nua sa bhonneagar sóisialta a mhaoiniú go dtí thart ar EUR 22 bhilliún sa tréimhse 2026–2027**, rud a neartóidh rannchuidiú an Ghrúpa le comhdheiseanna agus rathúnas comhroinnte ar fud na hEorpa. Leanfaidh an Coimisiún de bheith i dteagmháil le Grúpa BEI maidir le tacú le hinfheistíochtaí lena léirítear raon feidhme Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta chomh maith leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí. Thairis sin, agus sainordú sóisialta eisiach aige agus é dírithe ar dhaoine soghonta agus orthu siúd atá i mbaol an eisiaimh shocheacnamaíoch, leanfaidh Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa de thacaíocht a thabhairt d’infheistíochtaí i gcaipiteal daonna, i dtimpeallachtaí maireachtála cuimsitheacha athléimneacha, i rochtain ar mhaoiniú agus i gcruthú post, i raon EUR 3 bhilliún in aghaidh na bliana, ar fud a chomhaltaí den Aontas bunaithe ar an méid iasachtaithe atá ann faoi láthair. Tá an comhar straitéiseach le Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa á neartú ag an Aontas, agus chuige sin, in 2026 ghlac an Coimisiún togra chun go mbeadh an tAontas ina scairshealbhóir de Bhanc Forbartha Chomhairle na hEorpa. Oibreoidh an Coimisiún Eorpach agus Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa chun **Comhchreat Comhair a bhunú faoi 2027 chun infheistíochtaí a neartú chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta san Aontas.**

***Faireachán***

**Léiríonn tomhas na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta san Aontas a gcineál ilghnéitheach sistéamach.** Tugtar trí ghné le chéile i bpríomhtháscaire an Aontais maidir le riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta (AROPE) ([50]): bochtaineacht

([50]) Tá trí ghné i bpríomhtháscaire an Aontais chun faireachán a dhéanamh ar riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta: bochtaineacht choibhneasta airgeadaíochta (ag a bhfuil ioncam indiúscartha iomlán faoi bhun 60 % den airmheán náisiúnta); géardhíth ábharach agus shóisialta (gan a bheith in ann íoc as earraí agus seirbhísí bunúsacha a mheastar a bheith fíor-riachtanach chun saol faoi dhínit a chaitheamh); agus déine oibre an-íseal (tá na réisí oibre foriomlána níos lú ná 20 % dá n-acmhainneacht oibre lánaimseartha iomlán le chéile).

airgeadaíochta, díothacht maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí ([51]) agus déine íseal oibre.

**Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo sprioc 2030 an Aontais.** Chun an bhochtaineacht a chomhrac, tá gá le ceapadh beartas atá bunaithe ar shonraí agus ar fhianaise, le tacaíocht ó tháscairí ardcháilíochta inchomparáide. Mar gheall ar luas tapa na n-athruithe atá ag dul in olcas mar gheall ar an gcostas maireachtála, chomh maith le hathruithe suntasacha i margadh an tsaothair agus sa lucht saothair, tá gá le réamhaíocht níos fearr agus fianaise níos láidre a bheidh ar fáil níos tapúla. Chuige sin, cuirfidh an Coimisiún feabhas ar an bhfaireachán ar an mbochtaineacht agus **cuirfidh sé táscairí nua ar aghaidh chun tionchar na gcomhpháirteanna inacmhainneachta ar an mbochtaineacht a thomhas, d'fhonn iad a chomhaontú faoi 2028** agus bonn láidir faireacháin a shainaithint don dul chun cinn i dtreo uaillmhian 2050. Is é an aidhm atá ann tráthúlacht agus cuimsitheacht na sonraí a bhaineann leis an mbochtaineacht a fheabhsú, lena n-áirítear trí thomhas na díthe ábhartha a shaibhriú agus í a chaighdeánú ar leibhéal an Aontais, agus féachaint ar chineálacha eile cur chuige chun inacmhainneacht agus bochtaineacht thromchúiseach araon a thomhas, agus táscairí níos mionsonraithe a bheith ann maidir le héagothromaíochtaí críochacha. Faoi réir comhaontú leis an gComhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO) agus lena coistí comhairleacha, d'fhéadfadh athbhreithniú ar na táscairí gaolmhara sa scórchlár sóisialta a bheith mar thoradh air sin freisin d'fhonn an anailís ábhartha sa Chreat maidir le Cóineasú Sóisialta a neartú. Léireoidh an tacar nua táscairí sin gnéithe éagsúla den bhochtaineacht, chomh maith le hinacmhainneacht, amhail rochtain ar earraí agus seirbhísí bunúsacha atá riachtanach do shaol cuibhiúil, agus cumhacht cheannaigh, rachmas agus fiachas.

Tá an Coimisiún réidh chun tacú leis an g**Coiste um Chosaint Shóisialta**, agus i gcás inarb ábhartha, leis an gCoiste Fostaíochta, chun rannchuidiú le faireachán a dhéanamh ar an Straitéis agus chun fónamh mar fhóram le haghaidh malartú idir na Ballstáit agus leis an gCoimisiún, agus aird á tabhairt ag an am céanna gan ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a chruthú.

**Sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an Straitéis seo, déantar athbhreithniú ar an dul chun cinn sa chomhrac in aghaidh na bochtaineachta san Aontas, d'fhonn uaillmhian 2050 a bhaint amach** ([52]). Áireofar ar thuilleadh oibre comhpháirtí leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta tástáil struis a dhéanamh ar athléimneacht chórais cosanta sóisialta na mBallstát nuair a bhíonn orthu aghaidh a thabhairt ar shuaití a d'fhéadfadh a bheith ann.

***Iarrachtaí domhanda***

**Ar an leibhéal domhanda, cuireann gníomhaíocht an Aontais i bhfios go láidir go bhfuil sé ríthábhachtach dul i ngleic leis an mbochtaineacht ar fud an domhain ar mhaithe le rathúnas comhroinnte, slándáil dhomhanda agus cobhsaíocht dhomhanda.** Tá an tAontas ina cheannaire domhanda le fada maidir le Sprioc Forbartha

([51]) Is ionann sin agus an cion den daonra atá thíos le heaspa forfheidhmithe de 7 as 13 mhír díothachta ar a laghad, a dtugtar tuairisc orthu sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, Bochtaineacht san Aontas - príomhthreochtaí agus príomhbheartais, doiciméad inmheánach oibre (2026) 770.

([52]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, Bochtaineacht san Aontas Eorpach - príomhthreochtaí agus príomhbheartais, doiciméad inmheánach oibre (2026) 770.

Inbhuanaithe 1 a chur chun cinn maidir le deireadh a chur leis an mbochtaineacht de gach cineál. Léirítear an gealltanas sin sa bhreis ar EUR 26.6 billiún a leithdháiltear go díreach ar an sprioc forbartha inbhuanaithe sin, agus i raon feidhme níos leithne an Chúnaimh Oifigiúil Forbartha atá maoinithe ag an Aontas, áit a bhfuil na spriocanna forbartha inbhuanaithe uile ina gcumasóirí chun an bhochtaineacht a laghdú. Leanfaidh an Coimisiún den chomhar leis na Náisiúin Aontaithe chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chur chun feidhme.

**Tá próiseas méadaithe an Aontais ina phríomhluasaire don chuimsiú sóisialta, don fhostaíocht agus do laghdú na bochtaineachta i dtíortha is iarrthóirí agus i dtíortha is iarrthóirí ionchasacha, agus iad á n-ullmhú do bhallraíocht san Aontas ag an am céanna.** Ina theannta sin, ní mór rannpháirtíocht an Aontais maidir le laghdú na bochtaineachta i dtíortha is iarrthóirí agus i dtíortha is iarrthóirí ionchasacha a thuiscint mar infheistíocht straitéiseach ina sochaithe, ina lánpháirtiú agus ina n-iomaíochas amach anseo sa mhargadh inmheánach. Cuirtear tacaíocht ón Aontas ar fáil den chuid is mó tríd an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais agus áirítear bearta spriocdhírithe faoin gClár Oibre Athchóirithe do na Balcáin Thiar, don Mholdóiv agus don Úcráin.

## 4. Conclúid

**Tá sé níos práinní ná riamh gníomhú chun an bhochtaineacht a chosc agus a chomhrac.** Is ollmhór an dúshlán atá romhainn. Tá gá le gníomhaíocht dhiongbháilte, mhisniúil agus chomhbheartaithe chun iad siúd atá ag maireachtáil i mbochtaineacht a chosaint agus chun cosc a chur ar dhaoine eile a bheith thíos leis an mbochtaineacht i gcomhthéacs an chostais mhaireachtála agus an chruatain atá ag dul i méid. Is éard atá i gceist leis sin a chinntiú **go mbeidh an deis ag gach duine saol faoi dhínit a chaitheamh**, rochtain a fháil ar phoist ardcháilíochta, ar thithíocht inacmhainne agus ar bhunearraí agus seirbhísí bunriachtanacha inacmhainne ar ardchaighdeán. Ba cheart gach duine a chumhachtú freisin chun leas a bhaint as na deiseanna a eascraíonn as an aistriú glas agus as an aistriú digiteach; agus ba cheart an t-idirdhealú agus an stiogma a chomhrac ionas nach gcuirfear cosc ar aon duine lánpháirtiú sa tsochaí agus sa gheilleagar.

Leagtar amach sa straitéis sin an gconair chun teacht níos gaire do sprioc 2030 an Aontais maidir leis an mbochtaineacht a laghdú agus chun cuidiú leis an mbochtaineacht a dhíothú faoi 2050. Thairis sin, cuireann sé uirlisí an Aontais chun cinn chun tacú leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara dlús a chur lena n-iarrachtaí agus dul chun cinn a dhéanamh le chéile ar bhealach comhordaithe. Ní mór uaillmhian láidir a bheith ann chun an bhochtaineacht a chomhrac go héifeachtach agus chun a áirithiú gurb ionann maireachtáil faoi dhínit san Aontas. Ní mór don Aontas dlús a chur leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ar gach leibhéal, ag gníomhaithe poiblí agus príobháideacha araon, agus cur leis na hiarrachtaí sin, agus straitéis chomhleanúnach a bhaint amach ina mbeidh an tsochaí shibhialta agus iad siúd atá thíos leis an mbochtaineacht rannpháirteach go láidir. Is ar an mbealach sin amháin a chuideoimid le feabhas a chur ar an lá atá inniu ann, leis an mbealach a réiteach do thodhchaí níos fearr, leis an mbochtaineacht agus an míbhuntáiste a bhriseadh agus le cuidiú le hAontas atá saor ó bhochtaineacht a bhaint amach faoi 2050.

**Iarscríbhinn: Liosta na dtionscnamh nua atá san áireamh sa Straitéis i gcoinne na Bochtaineachta**

| Tionscnamh | Dáta |
|---|---|
| 1. BEARTA CHUN DUL I nGLEIC LEIS AN mBOCHTAINEACHT I nGACH AOISGHRÚPA | |
| Teachtaireacht dar teideal 'Deireadh a chur le timthriall na bochtaineachta leanaí - an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a neartú' | In éineacht le Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta |
| Comhairliúchán céadchéime na gcomhpháirtithe sóisialta Eorpacha a sheoladh chun a dtuairimí a fháil maidir le treo féideartha ghníomhaíocht an Aontais chun tacú le gníomhachtú daoine atá eisiata ó mhargadh an tsaothair agus le comhionannas idir mná agus fir maidir le deiseanna i margadh an tsaothair | 2026 |
| Moladh ón gCoimisiún lena gcuirtear treoir bheartais fhianaisebhunaithe ar fáil chun bochtaineacht lucht oibre san Aontas Eorpach a chosc agus a chomhrac, agus plé struchtúrtha tiomnaithe leis na Ballstáit ina dhiaidh sin | 2027 |
| Tuarascáil ar fhorfheidhmiú na Treorach maidir le Pá Íosta, agus gníomhaíochtaí foghlama frithpháirtí ina dhiaidh sin | 2026 agus ar bhonn leanúnach |
| Coimre dea-chleachtas chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar neamhghlacadh sochar | 2027 |
| Malartú ardleibhéil maidir le beartais chomhtháite do sheanaois dhíniteach | 2027 |
| 2. BEARTA CHUN AGHAIDH A THABHAIRT AR DHÚSHLÁIN CHOTHROMÁNACHA A CHUIREANN LEIS AN mBOCHTAINEACHT | |
| Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le heisiamh tithíochta a chomhrac | In éineacht le Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta |
| Nuashonrú ar Chreat Cáilíochta Deonaí an Aontais ag an gCoiste um Chosaint Shóisialta | I gcomhaontú leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta |
| Nuashonrú ar Thuarascáil 2023 ón gCoimisiún maidir le Rochtain ar Sheirbhísí Bunriachtanacha | 2027 |
| Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le rochtain níos éasca agus comhtháite ar sheirbhísí | 2027 |
| 3. RIALACHAS AGUS CISTIÚ A NEARTÚ AGUS FAIREACHÁN A FHEABHSÚ CHUN AN BHOCHTAINEACHT A LAGHDÚ AGUS A CHOSC | |
| Prionsabail le haghaidh beartais éifeachtacha i gcoinne na bochtaineachta | In éineacht le Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta |
| Comhaontú comhair le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Plean Gníomhaíochta Comhpháirteach le Coiste Eorpach na | 2026 |

| | |
|---|---|
| Réigiún maidir le gníomhaíochtaí lena dtacaítear leis an gcomhrac in aghaidh na bochtaineachta a thabhairt i gcrích | |
| Gradam an Aontais Eorpaigh um Chuimsiú Sóisialta | Seoladh in 2027 |
| An Chomhghuaillíocht i gcoinne na Bochtaineachta leis an earnáil phríobháideach agus leis an daonchairdeas | Seoladh in 2026 |
| Idirphlé struchtúrtha le daoine atá buailte ag an mbochtaineacht | Seoladh in 2027 |
| Táscairí nua bochtaineachta | 2028 |